# Gradam Oidhreachtaí do Shlógadh Eachtaí



*Bhí oifigigh an choiste eagraithe thar a bheith bródúil as an ghradam oidhreachta a bhronnadh orthu le deireannas. Lena ghradm is a dTeastas, feictear **Dermot Moran**, **Cathaoirleach**, **Marjory White**, **Cisteoir** agus **Máire Bean Uí Stiobháird**, **rúnaí**.*

Ba mhaith le Gaeilge Locha Riach an deis seo a ghlacadh comhghairdeas a ghabháil le ***'Slógadh Eachtaí'*** agus Gradam Oidhreachta buaite acu in Oirthear na Gaillimhe. Bhí ***'Slógadh Eachtaí'*** aitheanta i measc bhuaiteoirí Gradaim Oidhreachta an Chontae le deireanas.

Leis na gradaim oidhreachta, aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe an obair ceannródaíochta atá déanta ag grúpaí pobail is ag daoine aonaracha le cuspóirí oidhreachta a chur chun cinn. Níl amhras ar bith ann ach go bhfuil spéis is bród cothaithe ag go leor ar fud an chontae le tábhacht ár n-oidhreacht a chomóradh.

Tá ***Slógadh Eachtaí*** thar a bheith bródúil go bhfuil a n-iarrachtaí féin aitheanta agus stádas nach beag tugtha dóibh leis an ghradam seo. D'eagraigh ***Slógadh Eachtaí*** comhdháil oidhreachta trí bhliain i ndiaidh a chéile do ghrúpaí pobail sa chomharsanacht sléibhtiúil agus plé ar gnéithe cultúrtha, cúrsaí staire is ar théamaí timpeallachta an cheantair. Ar ndóigh, coinnítear teagmháil rialta le grúpaí trí www.aughty.org

Agus an Gradam ina ngleic, dúirt **Dermot Moran**, ***Cathaoirleach Shlógadh Eachtaí***;

*"Is mór an spreagadh a leithéid de ghradam a fháil, agus ní minic go bhfuil aird tugtha ar an cheantar seo in Oirthear na Gaillimhe. Creidim go dtugann an duais seo aitheantas don sár-obair atá déanta ag daoine ar bhun dheonach agus go gcothóidh sé a thuilleadh spéise i gcúrsaí oidhreachta sa chomharsanacht."*